

# Tuarascáil Bhliantúil Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann, 2024

Eanáir 2025

Irish Humanities Alliance



## CLÁR NA nÁBHAR

Eolas faoi Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann	3
Cúlra agus Struchtúr Ballraíochta	4
Meithleacha	5
Gníomhaíochtaí Intíre agus Idirnáisiúnta	8
Ráitis agus Foilseacháin an IHA	11
Foilseacháin ar an Suíomh Gréasáin agus ar na Meáin Shóisialta	12
Blaghostálacha	13
Mé féin agus na Daonnachtaí	
Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara agus an Lucht Déanta Beartas	14
Súil chun cinn ar 2025	16
Príomhthosaíochtaí	16
Imeachtaí Beartaithe	17
Rialachas Inmheánach	18

## Eolas faoi Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann

Is comhthionscnamh de chuid taighdeoirí sna daonnachtaí in institiúidí ardoideachais agus institiúidí taighde ar fud oileán na hÉireann é Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann (IHA). Bunaíodh in 2013 é agus tá sé lonnaithe in Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath. Cuireann IHA ardán ar fáil do chomhoibriú agus chomhairliúchán sna daonnachtaí ar fud oileán na hÉireann agus cuireann sé ar chumas na ndisciplíní éagsúla sna daonnachtaí ar fud an oileáin labhairt d'aon ghuth. Tá sé i gceist ag an gComhaontas tuarascáil a chur ar fáil am éigin sa bhliain féilire agus sonraí a thabhairt ar a phríomhghníomhaíochtaí. Clúdaítear 2024 sa tuarascáil seo. Tá hipearnaisc sna rannóga chuig doiciméid agus acmhainní eile.

### Croíchuspóirí

- Scoláireacht sna daonnachtaí ar fud oileán na hÉireann a chosaint, a chur chun cinn agus a fhorbairt.
- Comhoibriú idirinstiúideach agus idirdhisciplíneach sna daonnachtaí a chur chun cinn.
- Cothroime measa idir disciplíní sna daonnachtaí a chinntiú.
- Cistiú don taighde sna daonnachtaí in Éirinn atá slán agus dóthanach a chur chun cinn.
- Tábhacht na ndaonnachtaí a chur chun cinn mar mhodh chun dul i ngleic le dúshlán phráinneacha sa tsochaí chomhaimseartha, go háirithe tríd an obair a dhéanann Meithleacha téamacha an Chomhaontais.
- Tacú le sármhaitheas ag gach céim den fhorbairt gairme acadúil sna daonnachtaí.
- Tacú le straitéisí taighde agus oideachais atá oiriúnach do shochaí ilchultúrtha ilteangach.
- Comhar Eorpach agus idirnáisiúnta eile le heagraíochtaí agus comhaontais daonnachtaí a chur chun cinn.

### Struchtúr

Tá comhaontú ballraíochta i bhfeidhm leis na Ball-Institiúidí d'fhonn feidhmiú chlár oibre IHA a chur chun cinn de réir aidhmeanna IHA agus na bhfreagrachtaí atá ar an mBall-Institiúid agus ar na Baill Aonair.

- a) Ainmníonn Ball-Institiúidí an IHA Baill Aonair, a fheidhmíonn mar ionadaithe thar ceann na n-institiúidí Daonnachtaí, le bheith ar Bhord an IHA.
- b) Freastalaíonn Comhaltaí Aonair den IHA ar chruinnithe boird, glacann siad páirt sa Chlár Oibre, tugann siad an t-eolas is déanaí dá mBall-Institiúidí i dtaobh obair an IHA agus cuireann siad obair an IHA chun cinn ina n-institiúidí féin agus iad ag plé leis an bhfoireann acadúil agus riaracháin, agus le mic léinn.
- c) Ainmníonn Bord an IHA Leaschathaoirleach nua gach bliain, agus is eisean nó ise a bheidh mar Chathaoirleach ar an IHA an bhliain dár gcionn. Níl ach vóta amháin don ainmniúchán ag gach Ball-Institiúid den IHA.

## Cúlra Ballraíochta

Is comhaontas d'institiúidí ardoideachais agus taighde é an IHA, institiúidí a bhfuil infheistíocht mhór déanta acu sa chomhaontas ó bunaíodh é in 2013. Is iad seo a leanas na hinstiúidí a bhfuil ballraíocht acu sa chomhaontas: Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Ollscoil Mhá Nuad; Coláiste Mhuire gan Smál; Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Acadamh Ríoga na hÉireann; Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt; Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath; Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Ollscoil Uladh; Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Ollscoil na Gaillimhe; agus Ollscoil Luimnigh. Is in Acadamh Ríoga na hÉireann a dhéanann an IHA a chuid oibre agus tugann an tAcadamh tacaíocht don Chomhaontas.



## Meithleacha Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann

Gné thábhachtach dár gClár Oibre atá i Meithleacha an Chomhaontais. Cuireann an Comhaontas meithleacha ar bun trínár líonra bunaithe mar fhreagairt ar cheisteanna agus/nó treochtaí reatha sna healaíona agus sna daonnachtaí. Ar an dóigh seo, baintear feidhm as páipéir seasaimh, tuarascálacha agus seimineáir phoiblí chun pobal na n-ealaíon agus na ndaonnachtaí agus an pobal i gcoitinne a choinneáil ar an eolas. Chomh maith leis sin, cuirtear le hinstiúidí ardoideachais agus leis an gclár oibre náisiúnta don bheartas taighde in Éirinn.

Cuireann an Comhaontas spás ar fáil do mheithleacha a bhfuil béim idirdhisceplíneach acu chun cur leis an eolas atá ann agus le go mbeifear in ann líonrú idirdhisceplíneach agus trasdisciplíneach a dhéanamh. Tá taighdeoirí in aon cheann dár mball-instiúidí in ann ballraíocht a ghlacadh i meithleacha de chuid an Chomhaontais. Bíonn beirt Chomhchathaoirleach ar mheithleacha go hiondúil agus tacaíocht acu ó Chomhordaitheoir an Chomhaontais. Tuairiscíonn siad go díreach do Bhord an Chomhaontais sna ceithre chruinniú a bhíonn ag an mBord gach bliain. Tá sé cinn de mheithleacha gníomhacha sa Chomhaontas faoi láthair.

## Meitheal na nDaonnachtaí Leighis agus Sláinte

Rinneadh an Meitheal a athbhunú in 2024, agus ó shin tá an Meitheal tar éis [Suirbhé Taighde ar na Daonnachtaí Leighis agus Sláinte](#) a eagrú sa bhliain atá thart, é sin ar mhaithe le léargas a thabhairt ar fhairsinge agus doimhneacht an taighde sna daonnachtaí in Éirinn a bhaineann le réimse na sláinte agus réimse an leighis. Tá an tuarascáil deiridh bunaithe ar fhreagraí ar ghairm ó chomhaltaí den meitheal. Á gcur san áireamh inti tá sonraí maidir le foilseacháin, deontais taighde agus obair sa réimse seo atá déanta ag 138 scoláire sa réimse seo. Tá sé beartaithe ag an meitheal Ceardlann Oiliúna Dochtúireachta a eagrú in 2025 do na Daonnachtaí Leighis agus Sláinte.

Is réimse taighde iad na daonnachtaí leighis agus sláinte atá beo beathach agus ag fás ó cheann ceann oileán na hÉireann. Tá méid nach beag taighde ar bun cheana féin sa réimse seo in ollscoileanna ar fud an oileáin agus is réimse é atá ag dul i méid in instiúidí eile freisin. Tá súil againn go spreagfaidh an forbheathnú seo tuilleadh comhair idir acadóirí in Éirinn, go gcuirfidh sé bonn faisnéise faoi fhorbairt líonraí agus deiseanna taighde go ginearálta amach anseo, agus go dtabharfaidh sé léargas ar a chumhachtaí atá an cur chuige seo i leith na sláinte agus na folláine do na ceannairí agus na comhlachtaí siúd a cheapann straitéisí taighde agus forbartha in Éirinn.'

Medical and Health Humanities:  
A Research Snapshot from across the island of  
Ireland

Na Daonnachtaí Leighis agus Sláinte:  
Léargas ar an taighde atá á dhéanamh ar fud  
oileán na hÉireann

November 2024  
Samhain 2024

Irish Humanities Alliance  
Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann




## Meitheal na nDaonnachtaí Dlí

Bunaíodh Meitheal na nDaonnachtaí Dlí i mí na Samhna 2024. Is é is aidhm don Mheitheal fóram tacaíochta a chur ar fáil le comhar acadúil idirdhisciplíneach idirinstiúideach a spreagadh; eolas a fháil ar an obair atá ar bun sna Daonnachtaí Dlí in Institiúidí Ardoideachais ar fud an oileáin; saineolas agus acmhainní a fhorbairt; agus líonra a chur le chéile a mbeifear in ann tarraingt air agus tairiscintí maoinithe á ndearadh agus á n-ullmhú. Tá sé beartaithe ag an meitheal imeacht poiblí a eagrú in 2025 a mbeidh réimse cainteoirí páirteach ann: scríbhneoirí cruthaitheacha, oirfidigh, scoláirí acadúla agus cleachtóirí dlí.

## Meitheal na nDaonnachtaí Comhshaoil

Cuireadh an mheitheal seo ar bun arís in 2023 chun abhcóideacht agus idirghabháil a dhéanamh ar son thábhacht dhisciplíní na n-ealaíon agus na ndaonnachtaí in iarrachtaí chun teacht ar thuiscint ar dhúshláin chomhshaoil - an t-athrú aeráide cuir i gcás. D'eagraigh an mheitheal siompóisiam poiblí dar teideal [Irish Environmental Humanities: An Interdisciplinary Conversation](#) in Acadamh Ríoga na hÉireann an 30 Bealtaine 2024. Mar chuid den cheardlann, rinneadh plé ar ról na nEalaíon agus na nDaonnachtaí chun taighde, teagasc agus beartas poiblí a mhúnlú faoi mar a bhaineann le héigeandálaí aeráide agus comhshaoil ár linne. Tá tuairisc ón gceardlann seo ar fáil [anseo](#).



Na príomhthéamaí agus cúiseanna inmí ar díriodh orthu ar an lá:

- Cleachtas Teagasc agus Oideolaíochta
- Dioscúrsa um Dhíchoilíniú agus Inbhuanaitheacht
- Modhanna agus Disciplíní
- Comhshaol na hÉireann Amach Anseo

Foilsíodh tuarascáil bunaithe ar na torthaí ón gceardlann i nDeireadh Fómhair 2024.

## An Mheitheal um Eitic agus Ionracas Taighde

Cuireadh an Mheitheal seo ar bun in 2024 chun dul i ngleic leis na dúshláin faoi leith, atá ag athrú go gasta, idir náisiúnta agus domhanda, atá le sárú i dtaighde na n-ealaíon agus na ndaonnachtaí. I measc na réimsí éagsúla a bhfuil sé mar aidhm ag an Meitheal freagairt ina leith, tá ról na hintleachta saorga i dtaighde sna daonnachtaí, cóipcheart agus foilsitheoireacht san áireamh, chomh maith le próisis athbhreithnithe eitice taighde san ollscoil agus i dtimpeallachtaí eile, agus oiliúint eitice agus ionracais do mhic léinn iarchéime.

Mar fhreagra ar dhúshláin, déanann an Mheitheal rannpháirtíocht agus ceannaireacht thrasdisciplíneach sna daonnachtaí a spreagadh i bhforbairt beartais agus treoirínite náisiúnta ionas go mbeifear in ann tarraingt ar thaithí ar an rannpháirtíocht agus ceannaireacht i dtionscnaimh ionracais arna dtreorú ag ollscoileanna, cuir i gcás bainistíocht sonraí, feidhmiú phrionsabail FAIR agus próisis eiticiúla athbhreithnithe.

## An Mheitheal um Thaighde agus Nuálaíocht

Bunaíodh an Mheitheal seo i mí an Mheithimh 2023 mar fhreagra ar an bhfógra go raibh Rialtas na hÉireann chun an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann a chónascadh le go mbeadh aon ghníomhaireacht maoinithe amháin ann don taighde in Éirinn. Bhí an Mheitheal ar thús cadhnaíochta san obair chun ceardlann a eagrú i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann ar an 15 Bealtaine 2024. Bhí an cheardlann sin ar an gcéad cheann de dhá imeacht comhairliúcháin a d'eagraigh Acadamh Ríoga na hÉireann chun plé a dhéanamh ar an bplean corparáideach nua agus ar an bpunann mhaoinithe don am atá le teacht atá ag an ngníomhaireacht maoinithe nua, Taighde Éireann. Gheobhaidh tú tuarascáil iomlán ar na torthaí ón gceardlann [anseo](#).

### Acadamh Ríoga na hÉireann Royal Irish Academy

Report: Workshop on Taighde Éireann-Research Ireland  
Arts & Humanities Research Community

Workshop convened and facilitated by the Irish Humanities Alliance in collaboration with the  
Royal Irish Academy,  
15 May 2024



## Meitheal Fís Eorpach

Tugann Meitheal Fís Eorpach freagra ar ghlaonna ar mholtaí/aiseolas ar ghnéithe de dhréachtchláir oibre Fís Eorpach. Cuirtear de chúram ar chomhaltaí den mheitheal freagra a thabhairt ar ghlaonna a eisíonn Toscaireacht Náisiúnta na hÉireann. Bíonn freagraí de dhíth go gasta i leith glaonna agus tugtar faoin obair seo go héifeachtúil ar mhaithe le pobal na nEalaíon agus na nDaonnachtaí in Éirinn.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ INTÍRE AGUS IDIRNÁISIÚNTA

## Imeacht Taighde agus Nuálaíochta Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann do na hEalaíona agus na Daonnachtaí

Ó tharla gur éirigh go seoigh lenár Sárthaispeántas trialach do na hEalaíona agus na Daonnachtaí in 2023, d'eagraigh an Comhaontas ócáid lae chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí taighde i bpobal na nEalaíon agus na nDaonnachtaí. Reáchtáladh an t-imeacht seo an 27 Samhain 2024 in Acadamh Ríoga na hÉireann.

## Seoladh na nDaonnachtaí Leighis agus Sláinte: Léargas ar an taighde atá á dhéanamh ar fud oileán na hÉireann

Mar thús le himeacht an Chomhaontais don Taighde agus Nuálaíocht sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí, seoladh Tuarascáil (2024) ár Meithle um na Daonnachtaí Leighis agus Sláinte go foirmiúil. Rinne Des O'Neill, Ollamh le Geirinteolaíocht Leighis, Scoil na Míochaine, Coláiste na Tríonóide BÁC, cathaoirleacht ar phlé fiúntach ar thábhacht na ndaonnachtaí leighis agus sláinte leis na painéalaithe seo: Amanda Clifford, Ollamh le Fisiteiripe, Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte, OL agus Des Fitzgerald, Ollamh le Daonnachtaí Leighis agus Eolaíochtaí Sóisialta, Saotharlann na nDaonnachtaí Radacacha, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

## *Exciting News! Event, Narration and Impact from Past to Present*

As comhdháil bhliantúil an Chomhaontais a reáchtáladh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, i mí an Mhárta 2021, cúis áthais dúinn imleabhar spreagúil a sheoladh, is é sin *Exciting News! Event, Narration and Impact from Past to Present*, arna chur in eagar ag an Oll. Brendan Dooley agus an Dr Alexander (Sandy) Wilkinson (Leiden: Brill, 2024). Á thabhairt le chéile san imleabhar tá réimse leathan de thaighde atá ar bun faoi láthair san Eoraip agus in áiteanna eile ar thionchar na meán ón seachtú haois déag go dtí an fichiú haois. Is é an Dr Jason McElligott, an Stiúrthóir, Leabharlann an Ard-Easpag Marsh, a sheol an t-imleabhar. Rinne na heagarthóirí, an tOll. Dooley agus an Dr Wilkinson, cathaoirleacht ar phainéal bríomhar cainteoirí: an Dr Joel Herman; an Dr Bláithín Hurley; an tOll. Liam Mac Mathúna; agus an Dr Máire Nic An Bhaird. Tá naisc thíos chuig tuilleadh sonraí ar an imleabhar seo.



Cóip den imleabhar á bronnadh ag an Oll. Brendan Dooley ar Emma Rothwell do Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann

## Sárthaispeántas Taighde agus Nuálaíochta an IHA

Mar chuid de **Shárthaispeántas Taighde agus Nuálaíochta IHA** ar na hEalaíona agus na Daonnachtaí, bhí léirithe maidir le trí thionscadal a fuair maoiniú agus a d'imir tionchar mór poiblí dá réir. Is í an Dr Nessa Cronin, Cathaoirleach an Chomhaontais a rinne cathaoirleacht ar an sárthaispeántas.

- **Láithreoir:** An Dr Caitriona Ó Dochartaigh, UCC  
**Tionscadal:** [Ultonia - Cultural Dynamics in Medieval Ulster and Beyond: A Shared Inheritance.](#)  
**Maoiniú:** An Clár Taighde Thuaidh-Theas (Ciste an Oileáin Chomhroinnte)

Tá an tionscadal seo á stiúradh ag an Dr Caitriona Ó Dochartaigh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus an Dr Nioclás Mac Cathmhaoil, Coláiste Mhig Aoidh, Ollscoil Uladh. Is é a spreag an tionscadal snáithe an Idirphlé Oideachais i dTionscnamh an Oileáin Chomhroinnte ina moltar d'oideachasóirí, thuaidh agus theas, foghlaim óna chéile agus smaoineamh i gcomhar le chéile faoin méid atá i ndán don oideachas ar an oileán. Tháinig an tionscadal as an riachtanas soiléir atá ann leas trasteorann a bhaint as naisc idir ionaid taighde reatha ar mhaithe le torthaí taighde ardchaighdeán a bhaint amach agus, san am céanna, comhar níos fearr a chothú i dtionscnaimh oideachais Thuaidh agus Theas.

- **Láithreoirí:** An tOll. Elaine Farrell, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus an tOll. Leanne McCormick, Ollscoil Uladh  
**Tionscadal:** [The Bad Bridget project - Criminal and deviant Irish women in North America, 1838-1918](#)  
**Maoiniú:** Comhairle na nEalaíon agus na nDaonnachtaí (AHRC)

Tá an tionscadal seo dírithe ar chailíní agus mná a raibh baint acu le hiompar coiriúil nó claonaíoch i mBostún, i Nua-Eabhrac agus in Toronto ó 1838 go 1918. Tá aidhmeanna éagsúla taobh thiar den tionscadal. Déantar iarracht na bealaí a raibh mná Éireannacha claonaíoch ó thaobh iompar gnéis de i Meiriceá Thuaidh agus an dóigh ar caitheadh leo. Féachtar sa tionscadal chomh maith chun teacht ar na cineálacha de ghníomhaíocht choiriúil lena raibh baint ag mná Éireannacha, ar speictream ó mheisceoireacht phoiblí go dúnmharú. Tá cíoradh á dhéanamh sa tionscadal lena fháil amach ar imigh mná Éireannacha ó ghnása sochaíocha go leibhéal ní b'airde ná grúpaí eitneacha eile agus an raibh réamhchlaonadh eitneach taobh thiar de fhreagra na n-údarás.


- **Láithreoir:** Joy Rooney, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt  
**Tionscadal:** [Portallis - Rinneadh cíoradh sa tionscadal trasdisciplíneach ar na naisc ba luaithe a bhí ann idir Éire agus an Bhreatain Bheag.](#)  
**Maoiniú:** An Ciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach

Leagann Portallis amach scéal an chéad turais a rinne daoine idir Éire agus an Bhreatain Bheag thiar sa tréimhse Mhéisiliteach, an méid sin i gcomhthéacs faoi láthair ina bhfuil pobail an chósta agus a gcuairteoirí ag plé le hathléimneacht agus oiriúnú aeráide. Cuireadh an fhianaise a bhí ann cheana féin le sonraí úra chun insint chumhachtach trasteorann a fhorbairt agus, as sin, tá eispéireas cuartaíochta nua ar fáil i Músaem na Seod i bPort Láirge in Éirinn agus in Amgueddfa (Músaem) Ceredigion sa Bhreatain Bheag.

# Comhdháil Bhliantúil Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann, 2024

## New Perspectives on Irish Cultures: Celebrating a Diverse Field

Reáchtáladh comhdháil bhliantúil an IHA an 5-6 Meán Fómhair 2024 in Ollscoil Luimnigh



Bhí tacaíocht ann ó Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann; scéim maoinithe tacaíochta taighde foirne i nDámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Luimnigh; agus Acadamh Domhanda Ceoil agus Damhsa na hÉireann. Sa chomhdháil chumaisc seo, tugadh le chéile scoláirí atá ag obair i réimse leathan disciplíní le tuiscintí nua a fhorbairt ar an gcaoi a bhfuil staidéar á dhéanamh ar chultúir in Éirinn, ar an gcaoi a bhfuil cultúir in Éirinn á thuairisciú agus á n-úsáid, agus éagsúlacht a

### Príomhchainteoirí:

Oein DeBhairduin, bailitheoir ábhar a bhaineann le Cultúr an Lucht Siúil agus Coimeádaí, Músaem Náisiúnta na hÉireann. 'Mincéirí and the Museum: Connection, Challenge and Change'

An Dr Aileen Dillane, Acadamh Domhanda Ceoil agus Damhsa na hÉireann, Ollscoil Luimnigh. 'Always Coming Home': Speculative Ethnographies, Deep Ecologies, and Musical Affordances'

### An Coiste stiúrtha:

An Dr Niamh NicGhabhann (OL); an Dr Karol Mullaney-Dignam (OL); an Dr Sophie Cooper (OnaB) agus an tOll. Sonja Tiernan (IHA).

## RÁITIS AGUS FOILSEACHÁIN

Eisíonn Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann ráitis phoiblí agus páipéir seasaimh go rialta maidir le heachtraí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ráitis agus páipéir a sheasann lenár luachanna. Eagraíonn ár Meithleacha ceardlanna agus tugann siad faoi thaighde chun eolas a chur ar fáil do phobal na n-ealaíon agus na ndaonnachtaí go ginearálta agus chun dul i mbun plé le páirtithe leasmhara. Is féidir ráitis, tuairiscí ó cheardlanna agus foilseacháin a foilsíodh in 2024 a fháil go díreach anois ach cliceáil ar na naisc ar na híomhánna thíos nó trí leathanach beartais IHA ar ár [láithreán gréasáin](#), naisc thíos.

### [Ráiteas ó Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann, an 10 Nollaig 2024](#)

Ar an 4 Nollaig 2024, d'fhógair Aire Eolaíochta, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta na Nua-Shéalainne, Judith Collins, go mbeadh Ciste Marsden ag díriú ar thaighde eolaíoch agus go dtabharfaí neamhaird ar na daonnachtaí agus ar na heolaíochtaí sóisialta. I ndlúthpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe atá ag obair sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta ar fud na Nua-Shéalainne, d'iarr Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann go dtarraingeofaí siar an cinneadh sin agus d'fhoilsigh an ráiteas seo.



### [Páipéar Seasaimh an IHA, 21 Feabhra 2024](#)

D'fhoilsigh an IHA páipéar seasaimh mar fhreagra ar an reachtaíocht 'An Bille um Thaighde agus Nuálaíocht, 2024' inar tarraingíodh ar ár gcuspóirí straitéiseacha, is é sin bille chun foráil a dhéanamh do bhunú agus feidhmeanna comhlachta nua maoinithe ar a dtabharfaí Taighde Éireann.



# FOILSEACHÁIN AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN AGUS AR NA MEÁIN SHÓISIALTA

**Blaghostálacha:** Is ionann sraith blaganna an Chomhaontais agus bailiúchán de dhearcthaí agus d'ailt tuairimíochta faoin nuacht, cúrsaí reatha, agus foilseacháin. Clúdaíonn an blag réimse leathan ábhar sna Daonnachtaí, agus fáiltimid roimh ábhar ó thaighdeoirí sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí agus ó dhaoine eile a bhfuil suim acu iontu.

Foilsíodh cúig bhlag ar láithreán gréasáin an IHA in 2024 agus scaipeadh ar na meáin shóisialta iad. Is féidir na naisc thíos a úsáid chun dul chucu lena léamh:



*'Wicked' sa dúlra. Íomhá le caoinchead ó Detta Cahill*

'The Green Credentials of the Wicked Witch of the West: An Ecocritical Perspective on Wicked (2024),' leis an Dr Ellen Howley, OCBÁC

'Exhibiting Bad Bridget', leis an Oll. Elaine Farrell, OnaB Leanne McCormick, Ollscoil Uladh



*Taispeántas Bad Bridget. Le caoinchead ó Dhaonpháirc Uladh-Mheiriceá*



*Sleeping woman le Abbie Bernet. Á atáirgeadh faoi Cheadúnas Unsplash*

'Theorising Research Ecologies? An Environmental Humanities (Meta) Symposium', leis an Dr Ashley Cahillane, COBÁC

'New funding agency represents a major step in Irish higher education', leis an Oll. Daniel Carey, Comhalta, Acadamh Náisiúnta na hÉireann



Crann faoi uisce, an Mekong. Grianghrafadóir Basile Morin, Ceadúnas Coimíneachta Wikimedia



Iomhá arna giniúint ag an IS arna húsáid ag daoine atá i bhfad amach ar an eite dheas tar éis na gcíríbeacha i mBaile Átha Cliath

“Ireland, We are at War”: Conor McGregor, Crisis Populism, & Transnational Flows of Digital Discontent’ leis an Dr Anthony P. McIntyre, COBÁC

Is sraith alt tuairimíochta í **Mé Féin agus na Daonnachtaí** inar tugadh deis d’ealaíontóirí, scríbhneoirí, coimeádaithe, lucht acadúil, iriseoirí, polaiteoirí agus daoine mór le rá tábhacht na nDaonnachtaí ina saol a chur in iúl. I measc na n-ábhar a phlé siad tá tagairtí dá dtáithí saoil féin maidir leis na Daonnachtaí agus tábhacht na nDaonnachtaí ina saol intleachtúil.

Ailt a d’fhoilsigh Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann in 2024 mar chuid den tsraith The Humanities and Me:



Marc Ó Cathasaigh



Philip Nolan

# RANNPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AN LUCHT DÉANTA BEARTAS



Ball bunaidh dílis den **Chomhaontas Eorpach do na hEolaíochtaí Sóisialta agus na Daonnachtaí** is ea Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann. Reáchtáladh Comhthionól Ginearálta 2024 Chomhghuaillíocht Eorpach do na hEolaíochtaí Sóisialta agus na Daonnachtaí ar an 5 agus an 6 Nollaig 2024 sa Bhruiséil.

Bhí Comhordaitheoir Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann, an tOll. Sonja Tiernan, i láthair ar an gcruinniú seo thar ceann an Chomhaontais. Rinne ionadaithe sinsearacha Bhord Rialaithe agus baill eile den EASSH cur i láthair ag an gcruinniú seo. Is iad an Dr. Gabi Lombardo (Stiúrthóir EASSH) agus an tOll. Silvana Colella (Uachtarán EASSH) a rinne an ócáid a chomhordú agus a stiúradh.



Seoladh Cynghrair Celfyddydau a Dyniaethau Cymru (Comhaontas Ealaíon agus Daonnachtaí na Breataine Bige) go foirmiúil an 11 Deireadh Fómhair 2024 in Prifysgol (Ollscoil) Aberystwyth agus Canolfan Uwchefrydiau Cymreig a Cheltaidd Prifysgol Cymru (an tIonad Ardléinn don Bhreatnais agus don Cheiltis), an comhaontas á áisiú ag Rhwydwaith Arloesi Cymru (Líonra Nuálaíochta na Breataine Bige) agus ionadaíocht ann ó gach ceann de na naoi n-ollscoil sa Bhreatain Bheag. Tugann an Comhaontas seo deis Phan-Bhreatnach chun comhpháirtíochtaí níos doimhne agus níos láidre a fhorbairt chomh maith le malartú eolais trí chaighdeáin arda i dtaighde agus nuálaíocht sna healaíona agus na daonnachtaí san ardoideachais.

Ghlac an Dr Nessa Cronin (Cathaoirleach IHA) agus an tOllamh Sonja Tiernan (Comhordaitheoir IHA) páirt i gcomhchainteanna cumaisc le comhghleacaithe ónár gcomheagraíochtaí, is iad sin Comhaontas Ealaíon agus Daonnachtaí na hAlban agus Acadamh na Breataine. Bhí plé fiúntach ann faoi dhóigheanna ar féidir cás níos éifeachtaí a dhéanamh ar son na nEalaíon agus na nDaonnachtaí agus tionchar a imirt san abhcóideacht.

Á threorú ag Mary-Ann Constantine, Ollamh/Ceannaire an Tionscadail in CAWCS agus an Dr Patrick Finney, Leas-Seansailéar Cúnta ar Dhámh na nEalaíon agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Prifysgol Aberystwyth. Is féidir breathnú ar thaifeadadh den seisiún comhchainteanna [anseo](#).



System-level Incentivisation of Open Research Practices

Find out more about this NORF project! 

**ABOARD**  
RoAdmap to  
EmBEdding Open  
ReseARch Practices  
in IReland

Tá an IHA ina [chomhpháirtí tionscadail](#) de chuid [ABOARD](#) ar tionscadal é atá maoinithe faoi [NORF](#) agus atá á threorú ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Mar chuid den tionscadal ABOARD, déanfar treochlár a fhorbairt le cleachtais an [Taighde Oscailte](#) a spreagadh ar leibhéal an chórais. Fágfaidh sé sin go ndéanfar na dreasachtaí a mbíonn taighdeoirí ag plé leo sna codanna is tábhachtaí dá gcuid oibre (earcaíocht, fógraíocht, tionscnaimh institiúideacha don taighde agus plé le maoinitheoirí seachtracha) a chur in oiriúint dá chéile.

Freastalaíonn an Dr Nessa Cronin agus an tOll. Sonja Tiernan ar chruinnithe ABOARD agus scaipeann eolas ar chomhaltaí an IHA. An sampla is deireanaí dá leithéid ná gur scaipeadh [Suirbhé Féinmheasúnaithe](#) ABOARD le comhaltaí an Chomhaontais. Is é an aidhm atá leis an suirbhé seo measúnú a dhéanamh ar an gcuma atá ar chúrsaí i gcultúr an taighde in Éirinn agus ar an oscailteacht roimh an athrú i dtaca le cleachtais Taighde Oscailte, úsáid fhreagrach Méadrachtaí Taighde agus an Measúnú Freagrach Taighde.

## BALLRAÍOCHT NUA

Cúis áthais don Chomhaontas a fhógairt gur ghlac Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus Coláiste Mhuire gan Smál ballraíocht leis an gcomhaontas seo againne in 2024. Fáiltimid roimh ár gcomhghleacaithe ó Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus Coláiste Mhuire gan Smál agus táimid ag tnúth le bheith ag obair leo sna blianta amach romhainn agus muid ag cur chun cinn taighde agus léann na ndaonnachtaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.



# PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ don bhliain 2025

## Leathnú ar an mBallraíocht

Le deich mbliana anuas tá athrú forásach le brath in Éirinn maidir le forbairt ábhar sna daonnachtaí i gcomhthéacs na n-ollscoileanna agus na nInstitiúidí Ardoideachais agus Breisoideachais. Ba mhaith linn bonn ballraíochta an chomhaontais a leathnú amach anseo ar mhaithe lenár gcomhaontas a neartú agus ionadaíocht iomlán a chinntiú sna daonnachtaí ar fud oileán na hÉireann.

## Gníomhaireacht nua Cistiúchán Taighde

Sa tréimhse 2025-26, díreofar arís ar an ngníomhaireacht Taighde Éireann lena áirithiú go n-aithneofar an chothromaíocht ó thaobh measa de atá ann idir disciplíní, go mbeifear ag tacú le sármaidheas taighde ar gach céim den fhorbairt gairme acadúil sna daonnachtaí agus go gcuirfear maoiniú leordhóthanach ar fáil don taighde sna daonnachtaí.

Ghlac an IHA páirt sa chéad bhabhta comhairliúcháin maidir leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí a bheidh mar bhonn eolais faoi bhunú na gníomhaireacht nua. Thug an Comhaontas faoi phróiseas comhairliúcháin níos cuimsithí i rith 2024 chun forbairt a dhéanamh ar straitéis agus plean corparáideach don ghníomhaireacht. Fanfaidh an IHA ina ghuth tábhachtach fad a mhairfidh an próiseas comhairliúcháin. Go luath in 2025, beidh cruinniú ag Cathaoirleach agus Comhordaitheoir an IHA le Celine Fitzgerald, an POF eatramhach atá ag Taighde Éireann.

## Comhoibriú uile-oileáin

Chuir an IHA Léiriú Suime isteach i leith Glao 2 de mhaoiniú an ÚAO, Clár Taighde Thuaidh Theas 2024 i mí na Nollag, 2024. Tá ár dtogra, dar teideal Future Humanities, Future Connections: Humanities All-Island Research Network, tar éis dul go sásúil tríd an gcéad chéim den mheasúnú. Táimid ag obair faoi láthair ar iarratas iomlán lena chur isteach go mall i mí Feabhra, 2025. Fógrófar an toradh as sin i mí an Mheithimh, 2025.

Tá an IHA tiomanta i gcónaí do choincheap an ionaid taighde uile-oileáin a chur chun cinn, coincheap atá bunaithe ar phrionsabail an chomhphlé taighde trasteorann, an aitheantais fhrithpháirtigh agus na héagsúlachta cultúrtha.

# IMEACHTAÍ agus GNÍOMHAÍOCHTAÍ BEARTAITHE 2025-26

## Comhdháil Bhliantúil Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann, 2025

Gach bliain, tugtar cuireadh do na ball-institiúidí comhdháil a reáchtáil faoi choimirce an IHA agus tacaíocht airgeadais acu ón IHA. Ainmníonn iarratasóirí rathúla daoine aonair chun suí ar Choiste Stiúrtha an IHA agus freagracht a ghlacadh as reáchtáil na comhdhála.



IHA Annual Conference 2025

Call for proposals to host

Reáchtálfar comhdháil bhliantúil an IHA i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ar an 4-5 Meán Fómhair 2025, á treorú ag an Dr Bianca Cataldi (COBÁC) i gcomhar leis an gcoiste stiúrtha: An tOll. Anne Fuchs, Ollamh le Gearmáinis agus stiúrthóir ar Institiúid na nDaonnachtaí, COBÁC; an Dr Sarah Comyn, Ollamh Cúnta agus Comhalta Ad Astra, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta, COBÁC; an Dr Megan Kuster, Taighdeoir Iardhochtúireachta, Ollscoil Mhanchain agus an tOll. Sonja Tiernan, Comhordaitheoir IHA.

Sa chomhdháil *Feeding the Soul: Transnational Narratives of Food and Belonging*, déantar iarracht cíoradh a dhéanamh ar bhia mar mhodh chun tuiscint il-leibhéil chasta a bhaint amach ar cheisteanna a bhaineann le muintearas, deoraíocht, cumha agus eascairdeas, mar aon le malartuithe idir cultúir, saibhriú agus cothú cultúrtha, agus caomhnú oidhreachta agus féiniúlachta. Beidh tuilleadh eolais ann chomh maith leis an nglao ar pháipéir san earrach in 2025.

## Oiliúint agus Forbairt



I gcomhréir leis an ngealltanas uainn [i ndoiciméad straitéise an IHA](#) tacú le 'sármhaitheas ag gach céim d'fhorbairt gairme acadúil sna daonnachtaí', féachfaimid le seisiúin bhreise oiliúna agus faisnéise a reáchtáil, iad á dtreorú ag ár Meithleacha.

# Scottish-Irish cultural diplomacy and relations



Imeacht faoin Taidhleoireacht agus Caidrimh Chultúrtha Albanach-Éireannach a reáchtálfar ar an 26 Meán Fómhair 2025. Tá an t-imeacht leathlae seo á chomheagrú ag an Scottish Arts and Humanities Alliance (SAHA) agus Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann (IHA), in Acadamh Ríoga na hÉireann, agus pléifear ann an dul chun cinn atá déanta maidir leis na moltaí ó Athbhreithniú Comhphárteach Déthaobhach Rialtas na hÉireann agus Rialtas na hAlban a chur i bhfeidhm.

## RIALACHAS INMHEÁNACH

### **Cruinnithe Bhord an IHA:**

Bíonn ceithre chruinniú ag Bord an IHA gach bliain acadúil. Tá sé mar aidhm ag an mBord dhá chruinniú ar a laghad sa bhliain a ghairm ar an láthair. Reáchtálann ceann de na ball-institiúidí na cruinnithe seo, agus féadfaidh an institiúid sin an deis a thapú chun a saoráidí taighde a thaispeáint ar lá an chruinnithe. Uaireanta eagraítear cruinnithe neamhghnácha mar aon leis na ceithre chruinniú sa bhliain.

### **Na Cruinnithe Boird a reáchtáladh in 2024:**

19 Eanáir 2024 – Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
12 Aibreán 2024 – Ar Líne  
21 Meitheamh 2024 – Ollscoil na Gaillimhe  
18 Deireadh Fómhair 2024 – Ar Líne

### **Comhaltaí Feidhmiúcháin Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann, Nollaig 2024:**

An Dr Nessa Cronin (Ollscoil na Gaillimhe, Cathaoirleach)  
An tOll. Brendan Dooley (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Leas-Chatthaoirleach)  
An tOll. Sonja Tiernan (IHA, Comhordaitheoir)



### **Tuilleadh eolais**

Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann – Luach na nDaonnachtaí á Chur Chun Cinn  
19 Sráid Dhásain, Baile Átha Cliath 2, Éire

R-phost: [info@irishhumanities.com](mailto:info@irishhumanities.com)

Suíomh gréasáin: [www.irishhumanities.com](http://www.irishhumanities.com)

Bluesky: [@irishhumanities.bsky.social](https://bsky.app/profile/irishhumanities.bsky.social)